Cuairteanna Comhairleacha

Le linn na tréimhse ó Mheán Fómhair 2018 go dtí mí na Nollag 2018, beidh cigirí ar fáil chun cuairteanna comhairleacha a thabhairt ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Tabharfar faoi chuairteanna comhairleacha na Cigireachta taobh leis an bhforbairt ghairmiúil a chuirfidh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus seirbhísí tacaíochta eile ar fáil.

Is é an cuspóir atá le cuairteanna comhairleacha na Cigireachta ná tacú leis na scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim a bpleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge a neartú, agus úsáid na Gaeilge i measc phobal na scoile a mhéadú. An ról atá ag an gcigire le linn na gcuairteanna comhairleacha seo ná na scoileanna a spreagadh, ceisteanna a chur agus a fhreagairt, tacaíocht, comhairle agus dearbhú a thabhairt, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, dea-chleachtas a aithint agus cuidiú leis an scoil dul i ngleic leis na dúshláin san aistear chun stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.